

AN BHÓILEITHE (HALIBUT)

Níl aon bhreac is fearr ná an bhóiléithe. Ar an domhain atá sí. Tá sí ag imtheacht idir dhá uisge agus is deacair í a mharbhú. Cuid aca an-mhór, suas le céad meadhchain. Iasg leathan ar nós an sgolbaird go díreach. Iasg sleamhain ar nós an leithe. Spotaí dearga ina dhruim.

Tugann sí an dorugh léithe i bhfad. Doimhnigheann na bric mhóra agus ní thógann siad mórán téide, ach an bhóiléithe ní doimhniú a ghníonn sí ach ach imthigheann sí roimpí ar nós an liabhain.